BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra)

19 Samhain 2025*

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Làv – Airteagal 18(1) agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (CE) 2017/1001 – Cruthúnas ar fhíorúsáid – Measúnú ar an bhfianaise – Dualgas cruthúnais míréasúnta nó iomarcach – Prionsabal an dea-riaracháin – Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha)

I gCás T-563/24,

Gürok Turizm ve Madencilik AŞ, a bunaíodh in Kütahya (an Tuirc), dá ndéanann J. Erdozain López, J. Vicente Martínez agus M. López Camba, Dlíodóirí, ionadadíocht,

iarratasóir,

v

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), dá ndéanann D. Stoyanova-Valchanova, i gcáil Gníomhaire, ionadaíocht,

cosantóir,

an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO,

Olav GmbH, a bunaíodh in Köln (an Ghearmáin),

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta, tráth na bpléití, mar seo a leanas: P. Škvařilová-Pelzl (Rapóirtéir), Uachtarán, I. Nõmm agus D. Kukovec, Breithiúna,

Cláraitheoir: J. Čuboň, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 7 Iúil 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Béarla.

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Gürok Turizm ve Madencilik AŞ, go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 22 Lúnasa 2024 (Cás R 214/2024-4) ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní.

Cúlra na díospóide

2 Is é an t-iarratasóir dílseánach thrádmharc an Aontais Eorpaigh Uimh. 011224821, a cláraíodh an 7 Márta 2013 tar éis iarratas ó YAPI Malzemeleri V^e^ Kimya Sanayii Anonim Sirketi, a réamhtheachtaí i dteideal, ar an gcomhartha fíortha seo a leanas:

Làv

3 Bhain na hearraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an marc dá dtagraítear i mír 2 thuas le hAicmí 8, 11, 19, 21, 35, 37 agus 39 de Chomhaontú Nice a bhaineann hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú, agus bhí siad ag teacht, i gcás gach ceann de na haicmí sin, leis an tuairisc seo a leanas:

– Aicme 8: 'Uirlisí agus uirlisí lámhoibrithe; sceanra, foirc agus spúnóga; airm chliatháin; rásúir; sceanra boird as miotail lómhara nó brataithe leis sin, eadhon sceana, spúnóga agus foirc; slisneoirí uibheacha nó cáise neamhleictreacha, gearrthóirí píotsa neamhleictreacha, scamhairí torthaí agus glasraí neamhleictreacha';[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– Aicme 11: 'Fearais le haghaidh soilsiúcháin, téimh, giniúint gaile, cócaireachta, cuisniúcháin, triomúcháin, aerála, soláthar uisce agus suiteálacha sláintíochta; folcadáin, bidets, suiteálacha folctha, cubhachail cithfholcadáin, úirinéal (fearais sláintíochta), seomraí folctha, leithris, iniompartha; leithris, doirtil';[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– Aicme 19: 'Ábhair thógála neamh-mhiotalacha; píopaí dochta neamh-mhiotalacha le haghaidh tógála; asfalt, pic agus biotúman; foirgnimh neamh-mhiotalacha iniompartha; séadchomharthaí neamh-mhiotalacha; ábhair thógála mhúnlaithe agus tógáil ar bhóithre coincréite, gipseam, cré, gaineamh, cloch nádúrtha, cloch shintéiseach, adhmaid, plaisteach nó ábhair shintéiseacha; foirgnimh, cuaillí, bacainní; brait dromchla neamh-mhiotalacha nádúrtha nó sintéiseacha chun críocha tógála i bhfoirm plátaí nó stiallacha (greamacháin teasa); bloic ghloine le haghaidh tógála, brící ghloine le haghaidh tógála, tíleanna gloine, pánaí ghloine, painéil ghloine le haghaidh tógála';[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– Aicme 21: 'Uirlisí agus coimeádáin tí nó cistine; cíora agus spúinsí; scuaba (seachas scuaba phéinteála); ábhair scuaba; ábhair ghlantacháin; olann chruach; gloine neamhshaoirsithe nó leathshaoirsithe (seachas gloine tógála); earraí gloine, poirceallán agus cré-earraí nach n-áirítear in aicmí eile; miasa gloine, potaí, prócaí bhrioscaí, gloiní, cupáin, trádairí, ubhchupáin, cupáin chaife, sáspain, caraif, múnlaí chácaí, taephotaí, gréithe (seachas sceana,

foirc agus spúnóga) déanta as gloine nó poirceallán, eadhon babhlaí, mugaí, plátaí, croitheoirí salainn agus piobair, crúiscín anlainn, crúscaí agus vásaí; deilbhíní, dealbha agus saothair ealaíne as gloine agus poirceallán';
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– Aicme 35: 'Fógraíocht; bainistíocht ghnó; riarachán gnó; feidhmeanna oifige; raon táirgí a thabhairt le chéile, chun leasa daoine eile, amhail uirlisí agus uirlisí láimhe (de láimh), fearais le haghaidh soilsiúcháin, téimh, giniúint gaile, cócaireachta, cuisniúcháin, triomúcháin, aerála, soláthar uisce agus suiteálacha sláintíochta, ábhair thógála, píopaí dochta neamh-mhiotalacha le haghaidh tógála; foirgnimh neamh-mhiotalacha iniompartha; séadchomharthaí neamh-mhiotalacha, uirlisí agus coimeádáin neamh-mhiotalacha tí nó cistine, earraí gloine, poirceallán agus cré-earraí (seachas a n-iompar) a thabhairt le chéile le haghaidh nithe eile, chun a chur ar chumas custaiméirí breathnú ar na hearraí sin agus iad a cheannach go héasca; na seirbhísí thuasluaite go léir a d'fhéadfaí a sholáthar i siopaí miondíola, i mórdhíoltóirí, trí chatalóga postdíola nó trí leictreonacha, mar shampla, trí shuíomhanna gréasáin nó trí chláir theilisiopadóireachta';[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– Aicme 37: 'Tógáil; deisiú; seirbhísí suiteála; seirbhísí tógála; tógáil, deisiú agus athchóiriú';

– Aicme 39: 'Iompar; pacáistiú agus stóráil earraí; eagrú taistil; seirbhísí gníomhaireachta maidir le coimisiún iompair i bhfoirm turais turasóireachta a eagrú, seirbhísí gníomhaireachta maidir le coimisiún lastais i bhfoirm bróicéireacht lastais, seirbhísí gníomhaireachta maidir le longa i bhfoirm iompar lastloinge, seirbhísí oifige turasóireachta i bhfoirm seirbhísí gníomhaireachta turasóireachta agus seirbhísí treoraithe turasóireachta, seirbhísí áirithinte iompair, taistil agus ticéid taistil, seirbhísí eagraíochta taistil'.[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 An 8 Nollaig 2022, chuir Olav GmbH, an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, iarratas isteach ar chúlghairm an mhairc dá dtagraítear i mír 2 thuas i leith na n-earraí agus na seirbhísí uile ar cláraíodh an marc sin ina leith, ar bhonn Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1), ar an bhforas nár baineadh fíorúsáid as an marc sin laistigh de thréimhse leanúnach 5 bliana.

5 Le cinneadh an 28 Samhain 2023, sheas an Rannán Cealúcháin go páirteach leis an iarratas agus chúlghair sí an marc atá faoi chonspóid i leith na n-earraí uile dá dtagraítear i mír 3 thuas, cé is moite de 'choimeádáin tí nó cistine; earraí gloine nach n-áirítear in aicmí eile; miasa gloine, potaí, prócaí bhrioscaí, gloiní, cupáin, cupáin chaife, caraif, gréithe (seachas sceana, foirc agus spúnóga) déanta as gloine, eadhon babhlaí, mugaí, plátaí, croitheoirí', in Aicme 21.

6 An 28 Eanáir 2024, thaisc Olav GmbH achomharc le EUIPO, de bhun Airteagail 66 go 71 de Rialachán 2017/1001, i gcoinne chinneadh na Rannóige Cealúcháin, a mhéid nár cúlghaireadh an marc atá faoi chonspóid i ndáil leis na hearraí dá dtagraítear i mír 5 thuas.

7 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, chuir an Bord Achomhairc cinneadh an Rannáin Cealúcháin ar neamhní, trína mheas, go bunúsach, nár chomhlíon an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an tairseach is gá maidir le luach cruthúnais chun méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid a léiriú agus gur chuir an easpa mínithe breise agus crostagairtí ó thaobh an iarratasóra de chosc ar an bhfianaise sin a mheas mar fhianaise láidir, oibiachtúil agus leordhóthanach.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

8 Iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú a mhéid a sheas sé leis an iarratas ar chealú le haghaidh na n-earraí uile in Aicme 21 dá dtagraítear sa trádmharc atá faoi chonspóid;

– a ordú do EUIPO na costais a íoc;

– a ordú do Olav GmbH na costais a íoc.

9 Áitíonn EUIPO gur cheart don Chúirt an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

10 Le linn na héisteachta, chuir an t-iarratasóir lena ordú atá á lorg trína iarraidh ar an gCúirt, mar mhalairt air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú.

11 Ina theannta sin, le linn na héisteachta, dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh sé ag tarraingt siar a cheann éilimh chun ordú a thabhairt do Olav GmbH na costais a íoc, ós rud é nach raibh Olav GmbH ina pháirtí sna himeachtaí os comhair na Cúirte, ar tugadh nóta foirmiúil de i miontuairiscí na héisteachta.

An dlí lena mbaineann

Inghlacthacht cinn éilimh áirithe

Inghlacthacht cinn éilimh an iarratasóra lena n-iarrtar an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú

12 Le linn na héisteachta, thug an t-iarratasóir ceann éilimh breise os comhair na Cúirte Ginearálta lena n-iarrtar, mar mhalairt air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú. Go bunúsach, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt a chinneadh, mar a rinne an Rannán Cealúcháin, gur baineadh fíorúsáid as an marc atá faoi chonspóid, ar bhonn na fianaise a tugadh le linn na céime réamhdhlíthíochta.

13 Faoin Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá infheidhme maidir leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta de bhua na chéad mhíre d'Airteagal 53 de, agus Airteagal 76 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ní mór ábhar na díospóide a shonrú san iarratas tionscanta imeachtaí agus an t-ordú atá á lorg a bheith ann. Ní mór an t-ordú atá á lorg a leagan amach ar bhealach beacht agus aonchiallach, ós rud é, murach sin, gur dócha go dtabharfaidh an Chúirt Ghinearálta rialú *infra* nó *ultra petita* agus go mbeadh baol ann go sárófaí cearta an chosantóra (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2015, *Petco Animal Supplies Stores* v *OHIM – Gutiérrez Ariza (PETCO)*, T-664/13, EU:T:2015:791, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear). Thairis sin, ní féidir glacadh le héilimh nua a rinneadh den chéad uair le linn na héisteachta toisc go mbainfí an deis den chosantóir a fhreagra a ullmhú agus, ar an gcaoi sin, cearta na cosanta a shárú (féach, chuige sin, breithiúnais an 17 Márta 2005, *an Coimisiún* v *AMI Semiconductor Belgium agus páirtithe eile*, C-294/02, EU:C:2005:172, mír 75, agus an 15 Meán Fómhair 2021, *ADR Center* v *an Coimisiún*, T-364/15, nár foilsíodh, EU:T:2021:593, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

14 Dá bhrí sin, ní fhéadfar ach an t-ordú atá á lorg san iarratas tionscanta imeachtaí a chur san áireamh agus ní mór fiúntas na caingne a scrúdú i bhfianaise an ordaithe atá á lorg san iarratas sin amháin. Ceadaítear le hAirteagal 84(1) de na Rialacha Nós Imeachta saincheisteanna dlí nua a thabhairt isteach ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise nó ar fhíorais a tháinig chun solais le linn an nós imeachta. Is léir ón gcásdlí go rialaítear leis an gcoinníoll sin *a fortiori* aon leasú ar an ordú atá á lorg agus, in éagmais fianaise nó fíorais a tháinig chun solais le linn an nós imeachta i scríbhinn, nach féidir ach an t-ordú atá á lorg san iarratas a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2015, *PETCO*, T-664/13, EU:T:2015:791, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

15 Sa chás seo, níl an t-iarratas ar athrú ar an gcinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar aon toisc nua, de réir bhrí Airteagal 84(1) de na Rialacha Nós Imeachta, agus mar thoradh air sin, fiú más mian leis an iarratasóir a ordú atá á lorg le linn na héisteachta a oiriúnú, ní féidir glacadh le leasú den sórt sin i bhfianaise easpa aon fhianaise nó fíorais nua a tháinig chun solais le linn an nós imeachta.

16 Dá bhrí sin, tá ceann éilimh an iarratasóra lena n-iarrtar, mar mhalairt air sin, athrú ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, a cuireadh faoi bhráid na Cúirte den chéad uair le linn na héisteachta, do-ghlactha.

Inghlacthacht an chinn éilimh lena bhformhuiníonn EUIPO an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir

17 Trína cheann éilimh aonair, formhuiníonn EUIPO éileamh an iarratasóra go ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú.

18 Cé nach bhfuil an dlisteanacht ghníomhach is gá ag EUIPO chun caingean a thionscnamh i gcoinne cinneadh ó Bhord Achomhairc, ní féidir, áfach, a cheangal air gach cinneadh atá á chonspóid ó Bhord Achomhairc a chosaint go córasach ná a éileamh go héigeantach gur cheart aon chaingean a thionscnaítear i gcoinne cinneadh den sórt sin a dhíbhe. Níl aon rud ann chun cosc a chur ar EUIPO conclúid an iarratasóra a fhormhuiniú nó í a fhágáil faoi dhiscréid na Cúirte Ginearálta, agus na hargóintí go léir a mheasann sé is iomchuí chun bonn eolais a chur ar an gCúirt. Ar an taobh eile, ní fhéadfaidh sé ordú a lorg chun cinneadh an Bhoird Achomhairc a neamhniú nó a athrú maidir le pointe nár ardaíodh san iarratas ná saincheisteanna dlí nár ardaíodh san iarratas a chur ar aghaidh (féach breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2005, *Peek & Cloppenburg* v *OHIM (Cloppenburg)*, T-379/03, EU:T:2005:373, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 Sa chás seo, ní mór a thabhairt faoi deara go gcáineann an t-iarratasóir an Bord Achomhairc, go bunúsach, in imeachtaí cúlghairme, as ceanglas maidir le cáilíocht na fianaise a fhorchur ionas go mbeidh sé ina shrian thar a bheith trom agus neamhphraiticiúil chun fíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid a léiriú. Ina theannta sin, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Bord Achomhairc earráid mheasúnaithe agus trína mheas nár leor an fhianaise a bhaineann le méid úsáide an mhairc sin chun go measfaí gur fíor úsáid í.

20 Tacaíonn EUIPO, go bunúsach, le hargóintí an iarratasóra agus déanann sé gearán gur fhorchuir an Bord Achomhairc, in imthosca fíorasacha sonracha an cháis, ceanglas míréasúnta maidir le caighdeán cruthúnais, agus mar thoradh air sin nach mór an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú.

21 Dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú go bhfuil an ceann éilimh aonair, lena bhformhuiníonn EUIPO éileamh an iarratasóra ar neamhniú, inghlactha, a mhéid nach dtagann an ceann éilimh sin agus na hargóintí a leagtar amach mar thaca leis lasmuigh de raon feidhme an ordaithe atá á lorg agus na hargóintí a chuir an t-iarratasóir chun cinn.

Substaint an cháis

22 Maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin lena n-éilítear sárú ar Airteagal 58(1) agus (2) de Rialachán 2017/1001. Go bunúsach, déanann sé gearán gur mheas an Bord Achomhairc nach bhféadfaí méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid a léiriú, ag féachaint do luach cruthúnais íseal na fianaise a cuireadh isteach, agus cháin sé é as mainneachtain mínithe breise a sholáthar agus as crostagairt mionsonraithe go leor a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a cuireadh isteach mar thaca lena argóintí.

23 Áitíonn EUIPO freisin gur fhorchuir an Bord Achomhairc dualgas cruthúnais míréasúnta ar an iarratasóir.

24 Mar sin féin, áitíonn EUIPO go bhfuil an fhianaise agus na hargóintí a chuir an t-iarratasóir chun cinn i míreanna 41 agus 42 den iarratas, a chuirtear faoi bhráid na Cúirte den chéad uair, do-ghlactha.

25 Sa chás seo, chun fíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid a chruthú, chuir an t-iarratasóir an fhianaise seo a leanas ar fáil:

– seat scáileáin de leathanach den suíomh gréasáin ‘company.lav.com.tr’, dar dáta Aibreán 2023 (Iarscríbhinn 1);

– rogha de ghrianghraif neamhdhátaithe a thaispeánann pacáistíocht na n-earraí dá dtagraítear i mír 5 thuas atá ar fáil lena ndíol (Iarscríbhinn 2);

– seat scáileáin de leathanach den suíomh gréasáin ‘company.lav.com.tr’, dar dáta Aibreán 2023, a nascann le foilseacháin éagsúla ó roinnt meáin (Iarscríbhinn 3);

– rogha sonrasc, liostaí pacála agus doiciméad tráchtála eile, dar dáta 2017 go 2022 (Iarscríbhinní 4 go 9);

– dhá chatalóg earraí ina bhfuil an eilimint ‘lav’, dar dáta 2014 agus 2023 (Iarscríbhinní 10 agus 11);

– sliocht as Iris Chlárlann Trádála na Tuirce an 10 Aibreán 2014 maidir le cumasc eintiteas dlíthiúil an iarratasóra sa chás seo agus Gürallar YAPI Malzemeleri V^{e} Kimya Sanayii Anonim Sirketi (Iarscríbhinn 12).

26 Áitíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go bhfuil míreanna 70 agus 71 den chinneadh atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar chontrárthacht sna forais gur thagair an Bord Achomhairc, ar thaobh amháin, do ghníomhaíocht an iarratasóra agus a réamhtheachtaí i dteideal, dílseánach an mhairc atá faoi chonspóid, i dtionscal na n-earraí gloine agus onnmhairiú earraí áirithe atá i gceist chuig 140 tír, lena n-áirítear an Spáinn agus an Fhrainc, agus d’oifig mhargaíochta agus díolacháin a bheith ann san Iodáil agus, ar an taobh eile, tháinig an Bord Achomhairc ar an gconclúid, i mír 72 den chinneadh sin, gur bhain an t-aon tagairt shoiléir don chríoch ábhartha

leis an Tuirc. Ina theannta sin, maíonn an t-iarratasóir go bhfuil tagairtí i Spáinnis agus i bhFraincis sna catalóga atá i gceist, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní 10 agus 11, agus áitíonn sé go bhfuil údar le húsáid eisiach an Bhéarla agus na Tuirce le haghaidh catalóga toisc gurb ann do leagan amháin atá beartaithe lena dháileadh go hidirnáisiúnta.

27 Ar an dara dul síos, maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, gurb éard atá sna doiciméid dá bhforáiltear in Iarscríbhinní 4 go 9 sraith doiciméad custaim lena léirítear úsáid an mhairc atá faoi chonspóid leis an eilimint 'lav', atá le feiceáil ar na doiciméid sin atá dírithe ar chuideachtaí atá bunaithe ar fud an Aontais Eorpaigh. Áitíonn sé, thairis sin, go bhfuil tagairt choiteann sna sonraisc go léir do na hearraí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid, arna sainaithint ag an struchtúr téacsúil céanna ina bhfuil na ceannlitreacha 'LV' agus fleiscín ina dhiaidh sin sula luaitear tagairt shonrach an earra lena mbaineann.

28 Ar an tríú dul síos, tagraíonn an t-iarratasóir do líon iomlán 2 919 líne ina bhfuil an tagairt LV sna sonraisc a bhaineann le díol earraí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid, arna miondealú thar iomlán na tréimhse ábhartha agus ar mó ná EUR 6 485 milliún a méid iomlán.

29 Ar an gceathrú dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Bord Achomhairc, go bunúsach, earráid mheasúnaithe trína mheas, i mír 76 den chinneadh atá faoi chonspóid, nár chruthaigh na sonraisc a cuireadh isteach nár tairgeadh riamh earraí a líomhnaítear a bhfuil an marc atá faoi chonspóid orthu ag díolphointe san Aontas, gan trácht ar cheannach ag tomhaltóir deiridh agus, thairis sin, nach raibh sé soiléir nuair a díoladh na hearraí a líomhnaítear a seoladh 'chuig an Eoraip' ag aon asraon miondíola. Thairis sin, de réir an iarratasóra, rinne an Bord Achomhairc earráid dlí trína mheas, den chéad uair le linn na céime réamhdhlíthíochta, gur ceanglaíodh air díol na n-earraí atá i gceist a chruthú go díreach le tomhaltóirí deiridh.

30 Ar an gcúigiú dul síos, cuireann an t-iarratasóir i gcoinne mheasúnuithe an Bhoird Achomhairc a eascraíonn as míreanna 82 go 84 den chinneadh atá faoi chonspóid, ar dá réir, go bunúsach, a d'fhéadfadh na cóid earra agus na tuairiscí atá ar shonrasc tagairt a dhéanamh d'earraí i gcatalóg agus a mhargaítear faoin marc ar ghá fíorúsáid a chruthú ina leith, ach go raibh an cás sin hipitéiseach mar sin agus gur léir nárbh ionann é agus an fhianaise láidir agus oibiachtúil ar úsáid iarbhír agus leordhóthanach a bhí ag teastáil chun fíorúsáid a chruthú.

31 Dar leis an iarratasóir, bhí sé míréasúnta a cheangal air nasc a bhunú idir gach ceann de na 2 919 líne a sainaithníodh sna sonraisc agus lena luaitear na hearraí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid leis na tagairtí agus na grianghraif sna catalóga. Thairis sin, maíonn an t-iarratasóir freisin go bhfuil tuairiscí ann ar earraí atá nasctha leis na tagairtí a luaitear sna liostaí pacála in Iarscríbhinní 4 go 9. Bheadh oibleagáid den sórt sin ina srian thar a bheith trom agus neamhphraiticiúil. Ina theannta sin, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, nach raibh aon chúis ag an mBord Achomhairc gan na crostagairtí a rinne an Rannán Cealúcháin a fhíorú ná é a dhéanamh é féin le linn a anailíse.

32 Ar an séú dul síos, maidir le méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid, measann an t-iarratasóir go raibh líon mór sonrasc san fhianaise a cuireadh isteach in Iarscríbhinní 4 go 9 a bhí leordhóthanach ann féin chun líon suntasach na n-earraí a díoladh a léiriú agus, dá bhrí sin, chun méid úsáide an mhairc sin a léiriú.

33 Go sonrach, áitíonn an t-iarratasóir go n-eascraíonn méideanna carnacha na ndíolachán a rinneadh as sonraisc a seoladh chuig faighteoirí atá bunaithe sa chríoch ábhartha, rud a chomhthacaíonn na liostaí pacála agus na doiciméid chustaim a sholáthraítear mar thaca leo freisin. Ina theannta sin, de réir an iarratasóra, baineann na méideanna a sonrascadh in euro leis na earraí a bhfuil an eilimint 'lav' orthu.

34 Áitíonn EUIPO, ar an gcéad dul síos, nach ndearna an Bord Achomhairc earráid mheasúnaithe, contrártha leis an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, maidir le seolaithe na sonrasc agus, go bunúsach, nár mhol an Bord Achomhairc gur cheart an úsáid sin a dhíriú ar thomhaltóirí deiridh chun go n-aithneofaí í mar úsáid sheachtrach.

35 Ar an dara dul síos, maidir leis an dualgas agus an caighdeán cruthúnais, tugann EUIPO faoi deara gur admhaigh an Bord Achomhairc, ar an gcéad dul síos, i míreanna 35 agus 36 den chinneadh atá faoi chonspóid, go raibh na doiciméid in Iarscríbhinní 4 go 9 sainráite den chuid is mó agus go raibh cóid earra agus tagairtí don mharc atá faoi chonspóid iontu, ar an dara dul síos, i míreanna 49 agus 50 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur léirigh na sonraisc agus na doiciméid tráchtála gur dhíol dílseánach an mhairc sin na hearraí nó, lena thoiliú, d'eintitis éagsúla i roinnt Ballstát de chuid an Aontais, agus mar thoradh air sin gur thug an fhianaise tásca leordhóthanacha maidir le méid críochach na húsáide líomhnaithe, ar an tríú dul síos, i mír 53 den chinneadh atá faoi chonspóid, go raibh an marc atá faoi chonspóid le feiceáil i léiriú an earra ar na sonraisc agus ar na doiciméid tráchtála, sna catalóga agus ar sheatanna scáileán de leathanaigh ar shuíomh gréasáin an iarratasóra agus go raibh úsáid an mhairc sin poiblí, seachtrach agus follasach do chustaiméirí iarbhír nó féideartha na n-earraí agus, ar an gceathrú dul síos, i mír 64 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur léirigh na catalóga a cuireadh ar fáil úsáid an mhairc atá faoi chonspóid le haghaidh earraí éagsúla arna n-ainmniú leis an marc sin.

36 Ar an tríú dul síos, chinn EUIPO gur shuigh an Bord Achomhairc, os a choinne sin, i míreanna 83, 84 agus 87 den chinneadh atá faoi chonspóid, nár chruthaigh an t-iarratasóir méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid ós rud é nár chuir sé mínithe ná fianaise ar fáil lenar féidir nasc soiléir a chruthú idir na hearraí beachta a léirítear sna sonraisc éagsúla agus an chuid eile den doiciméadacht, lena n-áirítear na cóid earra éagsúla. Ina theannta sin, tugann EUIPO faoi deara gur mheas an Bord Achomhairc go bhféadfadh na crostagairtí an luach cruthúnais ba ghá a thabhairt do na sonraisc a bhí in easnamh i mbarúlacha an iarratasóra agus gur rialaigh an Rannán Cealúcháin ar an mbonn nach raibh ann ach dóchúlachtaí nó toimhdí.

37 I ndáil leis sin, áitíonn EUIPO, mar a rinne an t-iarratasóir san iarratas, gur dheimhnigh an Chúirt cheana féin nach ionann comparáid dhícheallach idir na cóid earra maidir le hatáirgí earraí ar ghrianghraif agus catalóga, ar thaobh amháin, agus ar na sonraisc, ar an taobh eile, agus meastachán ar dhóchúlacht nó barúil amháin, ach gur bhain próiseas réasúnach loighciúil leis an measúnú ar fhíorúsáid (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2024, *W.B. Studio* v *EUIPO – E.Land Italy (BF BELFE)*, T-54/23, nár foilsíodh, EU:T:2024:481, míreanna 60 agus 61). Thairis sin, tugann EUIPO faoi deara gur admhaigh an Bord Achomhairc, i míreanna 79, 80, 82 agus 83 den chinneadh atá faoi chonspóid, obair na Rannóige Cealúcháin agus gur dheimhnigh sé na tuairiscí ar na hearraí atá sna doiciméid lena n-áirítear tagairtí don mharc atá faoi chonspóid. Áirítear leis na tagairtí sin freisin tuairisc ghairid ar na hearraí lenar féidir 7 sampla de chóid earra a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis na catalóga a shainaithint sna sonraisc, i gcomhréir leis na mínithe a thug an t-iarratasóir os comhair an Rannáin Cealúcháin agus an Bhoird Achomhairc. Go bunúsach, mhínigh an t-iarratasóir, ina bharúlacha maidir le cruthúnas úsáide an 14 Aibreán 2023 agus ina bharúlacha mar fhreagairt ar achomharc an 22 Bealtaine 2024, go

bhféadfaí crostagairt a dhéanamh idir na huimhreacha tagartha ar leathanaigh 122 go 127 den chatalóg a tháirgtear in Iarscríbhinn 10 agus na sonraisc. Chuir sé liosta ar fáil freisin de na hearraí dá dtagraítear agus a áirítear sna híomhánna.

38 Sna himthosca sin, ar an gceathrú dul síos, measann EUIPO nach raibh aon chúis ag an iarratasóir mínithe breise a thabhairt chun gach ceann de na míreanna a luaitear sna sonraisc agus sna catalóga earraí a nascadh, agus mar thoradh air sin gur fhorchuir an Bord Achomhairc, in imthosca sonracha an cháis sin, dualgas cruthúnais míréasúnta de réir bhrí Rialachán 2017/1001 agus mhír 31 de bhreithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2022, *Louis Vuitton Malletier* v *EUIPO – Wisniewski (Léiriú ar phatrún seicear II)* (T-275/21, nár foilsíodh, EU:T:2022:654).

39 Dá bhrí sin, níor chuir EUIPO barúlacha isteach mar fhreagra ar argóintí eile an iarratasóra agus chinn sé gur cheart an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

40 Faoin gcéad mhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán 20017/1001 agus Airteagal 58(1)(a) den Rialachán sin, dearbhófar cearta dhílseánach an trádmhairc de chuid AE a bheith cúlghairthe ar iarratas chuig an Oifig más rud é, laistigh de thréimhse leanúnach cúig bliana, nár cuireadh an trádmharc i bhfíorúsáid san Aontas i ndáil leis na hearraí nó seirbhísí ar cláraíodh ina leith é, agus nach bhfuil aon chúiseanna cearta ann don neamhúsáid.

41 Maidir leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar fhíorúsáid, tá feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún an 5 Márta 2018 lena bhforlíontar Rialachán 2017/1001, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1430 (IO 2018 L 104, lch. 1), maidir le himeachtaí cúlghairme, de bhun Airteagal 19(1) den Rialachán sin. Foráiltear le hAirteagal 10(3) den Rialachán Tarmligthe sin nach mór baint a bheith ag an gcruthúnas úsáide le háit, am, méid agus cineál úsáide an mhairc atá faoi chonspóid.

42 Ina theannta sin, faoi Airteagal 10(4) de Rialachán Tarmligthe 2018/625, tá cruthúnas ar fhíorúsáid teoranta do dhoiciméid tacaíochta a chur isteach, amhail pacáistí, lipéid, liostaí praghsanna, catalóga, sonraisc, grianghraif agus fógraí nuachtáin, agus ráitis i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 97(1)(f) de Rialachán 2017/1001.

43 In imeachtaí chun trádmharc a chúlghairm, is faoi dhílseánach an mhairc sin atá sé, i bprionsabal, fíorúsáid an mhairc sin a bhunú (féach breithiúnas an 23 Eanáir 2019, *Klement* v *EUIPO*, C-698/17 P, nár foilsíodh, EU:C:2019:48, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ní féidir fíorúsáid trádmhairc a léiriú trí dhóchúlachtaí nó trí thoimhdí, ach ní mór í a léiriú le fianaise láidir agus oibiachtúil ar úsáid éifeachtach agus leordhóthanach an mhairc ar an margadh lena mbaineann. Is gá, dá bhrí sin, measúnú foriomlán a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh tosca ábhartha uile an cháis ar leith agus lena dtugtar le tuiscint go bhfuil idirspleáchas éigin idir na tosca a chuirtear san áireamh (féach breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Euroapotheca* v *EUIPO – General Nutrition Investment (GNC LIVE WELL)*, T-686/19, nár foilsíodh, EU:T:2020:320, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Ní cheanglaítear go mbeadh faisnéis i ngach mír fianaise maidir le gach ceann de na ceithre ghné nach mór baint a bheith ag cruthúnas ar fhíorúsáid leo, eadhon áit, am, cineál agus méid na húsáide. D'fhéadfadh sé gur féidir na fíorais atá le léiriú a shuíomh mar gheall ar charnadh fianaise, cé nach leor gach ceann de na gnéithe sin, arna nglacadh ina n-aonar, chun cruinneas na bhfíoras sin a chruthú (féach breithiúnas an 5 Márta 2019, *Meblo Trade* v *EUIPO – Meblo Int (MEBLO)*, T-263/18, nár foilsíodh, EU:T:2019:134, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ina

theannta sin, ní mór measúnú foriomlán a dhéanamh ar an gceist ar baineadh fíorúsáid as marc, agus an fhianaise uile atá ar fáil á cur san áireamh. Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le hanailís a dhéanamh ar gach píosa fianaise ina aonar, ach le hanailís a dhéanamh orthu lena chéile, chun an bhrí is dóchúla agus is comhleanúnaí a shainaithint (féach breithiúnas an 21 Samhain 2013, *Recaro* v *OHIM – Certino Mode (RECARO)*, T-524/12, nár foilsíodh, EU:T:2013:604, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Mar réamhphointe, mar a deimhníodh le linn na héisteachta, a mhéid nach gcuirtear amhras ar am, áit agus cineál úsáide an mhairc atá faoi chonspóid sna himeachtaí seo, is gá scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil agus ar na hargóintí a chuir na páirtithe ar aghaidh a mhéid a bhaineann siad le méid na fíorúsáide agus le dualgas cruthúnais na húsáide sin ar dhílseánach an mhairc sin.

47 Sna himthosca sin, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur comhthuiscint idir na páirtithe é agus gur léir ó mhíreanna 6 agus 40 den chinneadh atá faoi chonspóid go mairfidh an tréimhse ábhartha a bhaineann le fad úsáide an mhairc atá faoi chonspóid ón 8 Nollaig 2017 go dtí an 7 Nollaig 2022.

48 Ar an dara dul síos, is léir ó mhíreanna 49 agus 50 den chinneadh atá faoi chonspóid gur léirigh an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, ar eintiteas é atá bunaithe lasmuigh den Aontas, eadhon an Tuirc, gur dhíol sé féin a earraí nó, lena thoiliú, gur dhíol dáileoirí eile iad le heintitis éagsúla i roinnt Ballstát de chuid an Aontais, lena n-áirítear, *inter alia*, an Ghearmáin, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Spáinn, Éire, an Iodáil, an Ghréig, an Ungáir, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, Poblacht na Seice, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSualainn, agus go raibh na hairgeadraí a luaitear ar na sonraisc agus na doiciméid tráchtála éagsúla in euro den chuid is mó.

49 Ar an tríú dul síos, maidir le cineál úsáide an mhairc atá faoi chonspóid, is léir ó mhíreanna 51 go 64 den chinneadh atá faoi chonspóid go raibh samplaí leordhóthanacha san fhianaise d'úsáid an mhairc sin chun teacht ar an gconclúid gur úsáideadh é le haghaidh earraí mar léiriú ar a dtionscnamh tráchtála.

50 Ar an gceathrú dul síos, mheas an Bord Achomhairc, i míreanna 51 go 53 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur úsáideadh an marc atá faoi chonspóid mar mharc i gcúrsaí trádála, go háirithe ós rud é gur úsáideadh an marc sin ar bhealach poiblí, seachtrach agus follasach do chustaiméirí iarbhír nó ionchasacha na n-earraí atá i gceist i gcríoch an Aontais. Go sonrach, tháinig an Bord Achomhairc ar an gconclúid gur bunaíodh go leordhóthanach nasc soiléir idir, ar thaobh amháin, an úsáid sin mar léiriú ar thionscnamh tráchtála agus mar mhodh fógraíochta agus, ar an taobh eile, na hearraí ábhartha in Aicme 21 is ábhar don chaingean.

51 Ina theannta sin, ar an gcúigiú dul síos, i míreanna 54 go 62 den chinneadh atá faoi chonspóid, mheas an Bord Achomhairc gur léirigh an fhianaise a chuir an t-iarratasóir isteach, go bunúsach, úsáid an chomhartha mar a cláraíodh é.

52 Mar sin féin, maidir le méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid, mheas an Bord Achomhairc, murab ionann agus an Rannán Cealúcháin, nach bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid, ar bhonn na fianaise ina hiomláine, gur cruthaíodh fíorúsáid an mhairc sin go leordhóthanach le haghaidh na n-earraí ábhartha atá faoi achomharc agus, thairis sin, nach bhféadfaí an úsáid sin a léiriú, sa chiall sin, trí dhóchúlachtaí nó trí thoimhdí amháin.

53 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir leis na catalóga a cuireadh isteach in Iarscríbhinní 10 agus 11, mheas an Bord Achomhairc, i míreanna 71 go 73 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur cuireadh ar fáil i mBéarla agus i Tuircis iad, gur bhain siad le 2014 agus 2023 agus gur léirigh siad go soiléir an marc atá faoi chonspóid i bhfoirm focalmhairc nó comhartha fíortha i ndáil le hearraí gloine éagsúla, ach nach bhféadfaí teacht ar aon chonclúid maidir le méid na húsáide sin ós rud é go mbeadh sé deacair na háiteanna ina ndearnadh na catalóga a phriontáil nó a fhoilsiú nó áiteanna agus cineál a ndáilte a léiriú. Thairis sin, tháinig an Bord Achomhairc ar an gconclúid nár cruthaíodh leis na catalóga gur tairgeadh na hearraí atá i gceist iarbhír faoin marc atá faoi chonspóid le linn na tréimhse ábhartha agus sa chríoch ábhartha. I ndáil leis sin, cháin an Bord Achomhairc an t-iarratasóir freisin toisc nár chuir sé faisnéis bhreise isteach.

54 Ar an dara dul síos, chinn an Bord Achomhairc, go deimhin, go raibh an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil ag brath go mór ar na sonraisc agus ar na doiciméid tráchtála a tugadh ar aird in Iarscríbhinní 4 go 9, inar léiríodh díolacháin iarbhír na n-earraí atá i gceist. Chinn sé, áfach, nach raibh an luach cruthúnais ba ghá ag na doiciméid sin, ós rud é, go bunúsach, nárbh fhéidir na hearraí sonracha a chumhdaítear leis na cóid earraí éagsúla agus a méid tráchtála, minicíocht agus fad na ndíolachán a chinneadh, agus a mhéid nár cruthaíodh leis na sonraisc sin nár tairgeadh earraí a líomhnaítear a raibh an marc atá faoi chonspóid orthu riamh ag díolphointe san Aontas agus fiú níos lú ceannaithe ag tomhaltóir deiridh. Ina theannta sin, cháin an Bord Achomhairc an t-iarratasóir toisc nár tháirg sé sonraisc díolacháin do dháileoirí áitiúla nó do thomhaltóirí deiridh, grianghraif d'earraí ar ardchaighdeán i siopaí an mhiondíoltóra i gcríoch an Aontais, catalóga nó aon ábhar fógraíochta eile lena gcruthaítear an úsáid i measc thomhaltóirí an Aontais.

55 I ndáil leis sin, ar an tríú dul síos, cháin an Bord Achomhairc, go bunúsach, i mír 83 den chinneadh atá faoi chonspóid, an t-iarratasóir toisc nár thug sé tuilleadh sonraí maidir le hábhar na sonrasc agus maidir leis na hearraí dá dtagraítear go sonrach iontu, gan aird a thabhairt ar an obair thagartha a rinne an Rannán Cealúcháin. Dá réir sin, mheas an Bord Achomhairc nach raibh an t-iarratasóir in ann a mhíniú gurbh ann do nasc soiléir, sainráite agus léirithe lenar féidir a bheith ar an eolas faoi cé na hearraí sna catalóga dá dtagraítear leis na cóid, agus nárbh fhéidir na hearraí sonracha atá i gceist agus méid a n-úsáide a thuiscint ó na cóid sin. De réir an Bhoird Achomhairc, in éagmais mínithe den sórt sin, athraíodh agus lagaíodh luach cruthúnais na sonrasc. Chinn sé freisin, i mír 84 den chinneadh atá faoi chonspóid, nár leor an fhianaise go léir a cuireadh isteach chun bheith ina corpas láidir agus oibiachtúil fianaise ar úsáid iarbhír. Thairis sin, de réir an Bhoird Achomhairc, níor chomhlíon an corpas sin na ceanglais is gá chun fíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid a chruthú. Dá bhrí sin, mheas an Bord Achomhairc go raibh sé d'oibleagáid air, go bunúsach, a scrúdú a theorannú, sa mhéid nach bhféadfaí é a bhunú ar thoimhdí ná ar dhóchúlachtaí toisc nach raibh aon fhianaise chruthúnais ann.

56 Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, i mír 85 den chinneadh atá faoi chonspóid, cháin an Bord Achomhairc an t-iarratasóir as doiciméid ar cháilíocht an-íseal a sholáthar, a rinne an bonn a bhaint dá léamh agus dá thuiscint agus, i mír 86 den chinneadh sin, as sonraisc a chur ar fáil ina raibh cóid earra nár áiríodh iontu an tagairt 'lv-' a thagraíonn don mharc atá faoi chonspóid. Dá bhrí sin, mheas an Bord Achomhairc nár chomhfhreagair na méideanna iomlána a sonrascadh do dhíol eisiach na n-earraí a chumhdaítear leis an marc sin.

57 De réir an chásdlí, agus mar is léir ó mhíreanna 43 go 45 thuas, cé go bhfuil luach cruthúnais fianaise teoranta, a mhéid nach léirítear go cinnte, ina aonar, cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na hearraí lena mbaineann ar an margadh, agus conas a cuireadh ar an margadh iad, agus cé nach bhfuil an fhianaise sin cinntitheach ann féin, féadfar é a chur san áireamh mar sin féin sa

mheasúnú foriomlán ar cé acu atá nó nach bhfuil an úsáid fíor. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás ina gcomhthacaíonn an fhianaise sin le tosca ábhartha eile an cháis ar leith (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Márta 2014, *Anapurna* v *OHIM – Annapurna (ANNAPURNA)*, T-71/13, nár foilsíodh, EU:T:2014:105, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh sé éasca don Bhord Achomhairc an fhianaise go léir a chuir an t-iarratasóir isteach a scrúdú agus a chinneadh, ar an mbonn sin agus ar bhealach réasúnaithe, am, áit agus úsáid an mhairc atá faoi chonspóid. Go sonrach, i míreanna 35 agus 36 den chinneadh atá faoi chonspóid, dhearbhaigh an Bord Achomhairc go raibh na doiciméid in Iarscríbhinní 4 go 9 sainráite den chuid is mó agus go raibh cóid earra agus tagairtí don mharc atá faoi chonspóid iontu. Ina theannta sin, mheas an Bord Achomhairc freisin go raibh an fhaisnéis bhunriachtanach atá sna doiciméid a soláthraíodh soiléir agus intuigthe, rud a d'fhág go raibh sí sainráite agus leordhóthanach den chuid is mó chun críocha na n-imeachtaí seo.

59 Dá bhrí sin, tháinig an Bord Achomhairc salach air féin ina fhorais tríd an iarratasóir a cháineadh, i míreanna 84 go 86 den chinneadh atá faoi chonspóid, as fianaise ar dhroch-chaighdeán a chur ar fáil, nach raibh ina fhianaise láidir agus oibiachtúil ar úsáid an mhairc atá faoi chonspóid.

60 Ar an dara dul síos, chuir an Bord Achomhairc an cinneadh atá faoi chonspóid ó bhail freisin trí réasúnaíocht bhréagnaitheach lena chinneadh, i míreanna 72 agus 73 den chinneadh sin, nár cruthaíodh leis na catalóga a cuireadh ar fáil in Iarscríbhinní 10 agus 11 gur tairgeadh na hearraí lena mbaineann lena ndíol sa chríoch ábhartha, i gcás inar chinn sé roimhe sin, i míreanna 70 agus 71 den chinneadh sin, ar bhonn na gcatalóga sin, go raibh an t-iarratasóir gníomhach i dtionscal na gloine agus gur onnmhairigh sé a earraí chuig 140 tír, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, agus gur chinn sé, thairis sin, go raibh oifig mhargaíochta agus díolacháin ann le haghaidh cuid de na hearraí sin san Iodáil.

61 Ar an tríú dul síos, contrártha leis an méid a mhaíonn EUIPO, is léir ó mhír 76 den chinneadh atá faoi chonspóid go raibh sé beartaithe ag an mBord Achomhairc, mar chruthúnas ar úsáid an mhairc atá faoi chonspóid, aon fhianaise a éileamh lena bhféadfaí a chruthú go ndíolfaí na hearraí atá i gceist le tomhaltóirí deiridh ar chríoch an Aontais. Chun a mheas gur ghá gurb ionann úsáid sheachtrach mairc, de réir bhrí an chásdlí, agus úsáid atá dírithe ar thomhaltóirí deiridh, b'ionann sin agus trádmharcanna a úsáidtear i gcaidreamh idir cuideachtaí amháin a eisiamh ó chosaint Rialachán 2017/1001. Go deimhin, ní hamháin go n-áirítear leis an bpobal ábhartha a bhfuil na marcanna dírithe orthu tomhaltóirí deiridh, ach áirítear freisin speisialtóirí, custaiméirí tionsclaíocha agus úsáideoirí gairmiúla eile (féach breithiúnas an 1 Márta 2023, *Worldwide Brands* v *EUIPO – WAN (CAMEL)*, T-552/21, nár foilsíodh, EU:T:2023:98, mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Dá bhrí sin, rinne an Bord Achomhairc earráid dlí trína cheangal ar an iarratasóir, go bunúsach, cruthúnas ar dhíol na n-earraí lena mbaineann a chur ar fáil do thomhaltóirí deiridh mar chruthúnas ar fhíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid. Leanann sé, thairis sin, nach bhfuil an fhianaise ar dhíol na n-earraí atá i gceist le tomhaltóirí deiridh ábhartha sa chás seo, agus mar thoradh air sin nach mór diúltú don fhianaise agus do na hargóintí a chuir an t-iarratasóir chun cinn i míreanna 41 agus 42 den iarratas, gan aon ghá rialú a dhéanamh ar a n-inghlacthacht.

63 Ar an gceathrú dul síos, ba cheart a mheabhrú, i mír 88 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur chinn an Bord Achomhairc nach raibh fianaise leordhóthanach sa chomhad, fiú i dteannta a chéile, óna bhféadfaí méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid le haghaidh na n-earraí lena mbaineann a thuiscint.

64 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, is fíor nach féidir úsáid an mhairc atá faoi chonspóid sa chríoch ábhartha agus le linn na tréimhse ábhartha a léiriú go sainráite agus go haonchiallach in Iarscríbhinní 10 agus 11. Mar sin féin, de réir an chásdlí, ní mór a mheas, maidir le saolré tráchtála earra a mhaireann go ginearálta thar thréimhse ar leith agus leanúnachas na húsáide atá mar chuid de na tásca atá le cur san áireamh chun a shuí go raibh sé beartaithe go hoibiachtúil leis an úsáid sciar den mhargadh a chruthú nó a choinneáil, ós rud é nach mór na páirteanna nach dtagann laistigh den tréimhse ábhartha, i bhfad ó bheith neamhábhartha, a chur san áireamh agus a mheasúnú in éineacht leis an bhfianaise eile, ós rud é go bhféadfaidís fíorshaothrú tromchúiseach tráchtála an mhairc a chruthú (féach breithiúnas an 16 Meitheamh 2015, *Polytetra* v *OHIM – EI du Pont de Nemours (POLYTETRAFLON)*, T-660/11, EU:T:2015:387, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 Sa chás seo, mar a chuir an Bord Achomhairc in iúl i gceart i mír 53 den chinneadh atá faoi chonspóid, léiríodh in Iarscríbhinní 10 agus 11 úsáid shoiléir agus sheachtrach an mhairc atá faoi chonspóid le linn na gcúrsaí trádála, idir 2014 agus 2023, is é sin le rá, thar thréimhse níos faide agus níos leithne ná an tréimhse ábhartha, a bhí ina fianaise ábhartha sa mheasúnú ar mhéid na húsáide in imthosca an cháis seo. Dá bhrí sin, rinne an Bord Achomhairc earráid mheasúnaithe trí mhainneachtain, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar mhéid na húsáide, Iarscríbhinní 10 agus 11 a scrúdú ar bhealach réasúnach agus fhoriomlán, mar aon leis na tagairtí agus an fhianaise ábhartha uile atá le feiceáil in Iarscríbhinní 4 go 9.

66 Ar an dara dul síos, i míreanna 49 agus 50 den chinneadh atá faoi chonspóid, mheas an Bord Achomhairc gur léirigh na sonraisc agus na doiciméid tráchtála uile gur dhíol an t-iarratasóir na hearraí lena mbaineann nó, lena thoiliú, le heintitis éagsúla i roinnt Ballstát de chuid an Aontais agus gur thug an fhianaise sin tásca leordhóthanacha maidir le méid críochach na húsáide líomhnaithe. Ina theannta sin, i mír 53 den chinneadh sin, dhearbhaigh an Bord Achomhairc go raibh an marc atá faoi chonspóid le feiceáil i léiriú na n-earraí ar na sonraisc agus ar na doiciméid tráchtála, sna catalóga agus ar an scáileán de leathanaigh ar shuíomh gréasáin an iarratasóra, agus go raibh úsáid an mhairc atá faoi chonspóid poiblí, seachtrach agus soiléir don phobal san Aonta. Ar deireadh, i mír 64 den chinneadh atá faoi chonspóid, tháinig an Bord Achomhairc ar an gconclúid gur léirigh na catalóga úsáid an mhairc atá faoi chonspóid le haghaidh earraí éagsúla arna n-ainmniú leis an marc sin.

67 Is léir ó chomhad EUIPO gur sholáthair an t-iarratasóir 902 leathanach de shonraisc a bhaineann le díol an iliomad earraí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid, ar thagair a bhformhór go sainráite don mharc atá faoi chonspóid trí úsáid a bhaint as an eilimint ‘lv’ roimh chód an earra lena mbaineann, rud is féidir a chinneadh trí chomparáid a dhéanamh leis na catalóga dá bhforáiltear in Iarscríbhinní 10 agus 11.

68 Go deimhin, in imthosca an cháis seo, bheadh sé míréasúnta a mheas nach bhféadfaí na hearraí arna margú ag gnóthas a aithint go sainráite lena gcód earra i gcatalóga a dtáirgeora, ós rud é go líomhnaítear go raibh sé dodhéanta an áit ina ndearnadh na catalóga sin a phriontáil agus a ndáileadh iarbhír sa chríoch ábhartha le linn na tréimhse ábhartha a chinneadh. Ina theannta sin,

mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 64 thuas, tá an fíoras go dtairgtear na hearraí lena ndíol thar thréimhse níos faide ná an tréimhse lena dteorannaítear an tréimhse ábhartha de chineál a threisíonn na hargóintí i bhfabhar mhéid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid.

69 Ar an tríú dul síos, mar is léir ón gcásdlí a luaitear i mír 37 thuas agus ó chásdlí socair, ní hionann comparáid dhícheallach idir na cóid earra maidir le hatáirgí earraí ar ghrianghraif agus catalóga, ar thaobh amháin, agus ar na sonraisc, ar an taobh eile, agus meastachán ar dhóchúlacht nó barúil amháin, ach gur bhain próiseas réasúnach loighciúil leis an measúnú ar fhíorúsáid (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Aibreán 2022, *LG Electronics* v *EUIPO – Anferlux-Electrodomésticos (SmartThinQ)*, T-181/21, nár foilsíodh, EU:T:2022:247, mír 91; an 6 Meán Fómhair 2023, *Weider Germany* v *EUIPO – Den i Nosht (YIPPIE!)*, T-45/22, nár foilsíodh, EU:T:2023:513, mír 42; an 17 Iúil 2024, *W. B. Studio* v *EUIPO – E.Land Italy (BELFE)*, T-50/23, nár foilsíodh, EU:T:2024:480, míreanna 60 agus 61). I ndáil leis sin, bhí sé de cheart ag an iarratasóir a thabhairt faoi deara, le linn na héisteachta, nár bhain an Bord Achomhairc agus, *a fortiori*, an Rannán Cealúcháin a chumhachtaí mí-úsáid as a gcumhachtaí tríd an nasc a bhunú, ar a dtionscnamh féin nó trí mheasúnú foriomlán ar an bhfianaise a cuireadh faoina mbráid, idir atáirgí na n-earraí ar na grianghraif agus sna catalóga, ar thaobh amháin, agus sonraisc na n-earraí céanna, ar an taobh eile, trí bhrath ar a léiriú faoi seach ar chóid na míreanna, a bhí comhionann (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2024, *BF BELFE*, T-54/23, nár foilsíodh, EU:T:2024:481, mír 61).

70 Dá réir sin, rinne an Bord Achomhairc earráid mheasúnaithe trína mheas, i mír 87 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur bhunaigh an Rannán Cealúcháin a scrúdú maidir le méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid ar chonclúidí a d'eascair as fianaise a cuireadh ar fáil gan láneolas a bheith aige ar a ábhar agus, dá bhrí sin, gur rialaigh sé ar bhonn dóchúlachtaí nó toimhdí.

71 Go háirithe, is léir, ar an gcéad dul síos, ó mhíreanna 81 agus 82 den chinneadh atá faoi chonspóid agus, ar an dara dul síos, ó leathanaigh 11 go 13 de bharúlacha an iarratasóra maidir le cruthúnas úsáide an 14 Aibreán 2023 agus ó leathanaigh 12 agus 13 dá bharúlacha mar fhreagairt ar achomharc an 22 Bealtaine 2024 gur chuir sé in iúl agus gur mhínigh sé don Rannán Cealúcháin agus don Bhord Achomhairc go bhféadfaí uimhreacha tagartha na n-earraí ar leathanaigh 122 agus 127 den chatalóg in Iarscríbhinn 10 a chrostagairt leis na sonraisc agus gur sholáthair sé liosta earraí dá dtagraítear agus a áiríodh sna híomhánna. Ina theannta sin, ní mór a thabhairt faoi deara freisin nach luann an Bord Achomhairc ach oireadh, go soiléir agus go leordhóthanach, na cúiseanna ar imigh sé ó mheasúnuithe an Rannáin Cealúcháin agus gur dhiúltaigh sé fiúntas na gcrostagairtí arna dtarraingt suas ag an Rannán Cealúcháin agus a chuir ar a chumas méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid a shaintréithriú, ar bhonn tosca a mheas sé a bheith sonrach agus substaintiúil. Dá réir sin, chuir an Bord Achomhairc a chinneadh ó bhail freisin trí mhainneachtain cúiseanna a lua.

72 Dá bhrí sin, ar an gceathrú dul síos, is léir ó mhíreanna 81 go 83 den chinneadh atá faoi chonspóid go raibh na mínithe a thug an t-iarratasóir os comhair an Rannáin Cealúcháin, agus ansin os comhair an Bhoird Achomhairc, in ann díol roinnt de na hearraí dá dtagraítear i mír 5 thuas a chur i dtábhacht, le linn na tréimhse ábhartha agus i méideanna agus le méideanna sách mór chun teacht ar an gconclúid gur úsáideadh an marc atá faoi chonspóid go leanúnach, go héifeachtach agus dá bhrí sin le haghaidh na n-earraí lena mbaineann, i gcomhréir leis an gcásdlí ar dá réir a bhaintear fíorúsáid as an marc, de réir bhrí Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001, i gcás ina n-úsáidtear é i gcomhréir lena fheidhm bhunriachtanach, is é sin céannacht thionscnamh na n-earraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith a ráthú, chun asraon a chruthú nó a chaomhnú le haghaidh na n-earraí nó na seirbhísí sin, ní áirítear le fíorúsáid ceadchomharthaí a

úsáid chun na cearta a thugtar leis an marc a chaomhnú agus chun na críche sin amháin (breithiúnas an 3 Iúil 2019, *Viridis Pharmaceutical* v *EUIPO*, C-668/17 P, EU:C:2019:557, mír 38; féach freisin, de réir analaí, breithiúnas an 11 Márta 2003, *Ansul*, C-40/01, EU:C:2003:145, mír 43).

73 In aon chás, is léir ó Iarscríbhinní 4 go 9, mar a mhaíonn an t-iarratasóir, gur díoladh earraí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid sa chríoch ábhartha idir 2017 agus 2022. Go bunúsach, is féidir a chinneadh, i gcomhréir le hargóintí an iarratasóra, go bhfuil 2 919 líne sna sonraisc ina bhfuil an tagairt LV, dá bhrí sin, mar is léir ó mhír 67 thuas, maidir le díol earraí arna margú ag an iarratasóir, ar mó a méid iomlán ná EUR 6 485 mhilliún, arna miondealú le linn na tréimhse ábhartha.

74 Ina theannta sin, trí cháineadh a dhéanamh ar an iarratasóir, i míreanna 72 agus 83 den chinneadh atá faoi chonspóid, as staonadh d'aon ghnó ó fhaisnéis bhreise a chur isteach nó as cinneadh feasach a dhéanamh gan níos mó sonraí a thabhairt maidir leis na tagairtí beachta sna sonraisc, bhí sé beartaithe ag an mBord Achomhairc, ar léamh mhíreanna 73 go 85 den chinneadh sin, a cheangal ar an iarratasóir gach ceann de na 2 919 líne de na sonraisc a chrostagairt le gach ceann de na hearraí comhfhreagracha agus a bhí le feiceáil sna catalóga. Thairis sin, mar a deimhníodh le linn na héisteachta, níor iarr an Bord Achomhairc aon fhaisnéis bhreise ná aon mhíniú breise, ionas nach féidir leis an iarratasóir a cháineadh as aon mhainneachtain d'aon ghnó fianaise nó fíoras a sholáthar, mar a mhaígh sé. Mar sin féin, bhí an Bord Achomhairc in ann go réasúnta measúnú a dhéanamh ar mhéid fíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid ar bhonn na fianaise go léir, ina hiomláine, a cuireadh faoina bhráid nó ar bhonn na gcomharthaí éagsúla a sainaithníodh i gcéimeanna comhleanúnacha a scrúdaithe nó ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil ina phléadálacha comhleanúnacha agus a ghlac an Rannán Cealúcháin.

75 Dá bhrí sin, sna himthosca sin, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, go ndearna an Bord Achomhairc earráid mheasúnaithe maidir le raon feidhme an scrúdaithe ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach chun méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid a léiriú agus, ar an dara dul síos, go raibh sé beartaithe ag an mBord Achomhairc ceanglas iomarcach a fhorchur ar an iarratasóir maidir le cáilíocht an chruthúnais agus dualgas cruthúnais míréasúnta in imeachtaí cúlghairme mar gheall ar easpa fíorúsáide.

76 I ndáil leis sin, ar an gcúigiú dul síos, is fíor gur faoi dhílseánach an mhairc atá faoi chonspóid atá sé, i bprionsabal, agus ní faoi EUIPO, ag gníomhú dó as a stuaim féin, fíorúsáid an mhairc sin a bhunú (breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2013, *Centrotherm Systemtechnik* v *OHIM agus centrotherm Clean Solutions*, C-610/11 P, EU:C:2013:593, mír 63). Mar sin féin, mar a mheabhraítear i mír 42 thuas, tá cruthúnas ar fhíorúsáid teoranta do dhoiciméid tacaíochta a chur isteach, amhail liostaí praghsanna, catalóga nó sonraisc, mar atá sa chás seo.

77 Thairis sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 44 thuas, ní mór cruthúnas ar fhíorúsáid a bheith bunaithe ar fhianaise láidir agus oibiachtúil ar úsáid éifeachtach agus leordhóthanach an mhairc ar an margadh lena mbaineann. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an ceanglas cruthúnais áirithe a bheith ina chúis le dualgas cruthúnais míréasúnta nó iomarcach ná a bheith bunaithe ar cheanglais níos déine maidir le cáilíocht an chruthúnais ná na coinníollacha dá dtagraítear sa chásdlí a bhaineann le hAirteagal 18(1) agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001.

78 Mar réamhphointe, ní mór diúltú, ar dtús, d'argóintí EUIPO, arna gcur isteach ina fhreagra, bunaithe, go bunúsach, ar na conclúidí a baineadh as breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2022, *Puma* v *EUIPO*, – *CMS (CMS Italy)* (T-711/20, nár foilsíodh. EU:T:2022:604), a bhaineann le

himeachtaí a bhaineann le damáiste don chlú, bunaithe ar Airteagal 8(5) de Rialachán 2017/1001, atá neamhspleách ar na himeachtaí seo agus nach féidir a gceanglais shonracha a chomhshamhlú ar bhealach coibhéiseach.

79 Sa chás seo, ghlac an Bord Achomhairc cur chuige an-dian i mír 83 den chinneadh atá faoi chonspóid, lena gceanglaítear ar an iarratasóir nasc soiléir a bhunú idir na cóid éagsúla sonraisc agus na hearraí a chumhdaítear, atá 'mínithe, curtha in iúl agus léirithe'. Ní féidir leis an mBord Achomhairc, gan earráid dlí a dhéanamh, ceanglas maidir le cáilíocht na fianaise a fhorchur, in imeachtaí cúlghairme bunaithe ar Airteagal 18(1) agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001, ar ceanglas é lena sáraítear an tairseach cruthúnais is inghlactha maidir le húsáid iarbhír agus leordhóthanach a chomhthacaíonn fianaise nó corpas fianaise leordhóthanach mar thoradh ar idirspleáchas na dtosca ábhartha éagsúla, de réir bhrí an chásdlí a luaitear i míreanna 44 agus 45 thuas.

80 Ar an séú dul síos, ba cheart a mheabhrú, mar a rinne EUIPO ina fhreagra (féach mír 38 thuas), nach féidir dualgas cruthúnais míréasúnta a fhorchur mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gceanglas dlíthiúil a bhaineann leis an dualgas cruthúnais atá ar dhílseánach trádmhairc in imeachtaí cúlghairme d'fhonn fíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid a léiriú.

81 Go bunúsach, d'fhéadfadh sárú ar an gceart chun dea-riaracháin a bheith mar thoradh ar dhualgas cruthúnais míréasúnta nó iomarcach a fhorchur, rud atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus a chumhdaítear freisin in Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (féach, de réir analaí, breithiúnais an 19 Deireadh Fómhair 2022, *Léiriú ar phatrún seicear II*, T-275/21, nár foilsíodh, EU:T:2022:654, mír 31; an 6 Márta 2024, *Lidl Stiftung* v *EUIPO – MHCS (Imir an dath oráiste)*, T-652/22, nár foilsíodh, EU:T:2024:152, mír 87, agus ordú an 1 Iúil 2025, *Santos* v *EUIPO (Cruth fáisceán citris)*, T-668/24, nár foilsíodh, EU:T:2025:668, mír 31).

82 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, agus mar is léir ó mhíreanna 58 go 60 thuas, gur chuir an Bord Achomhairc an cinneadh atá faoi chonspóid ó bhail le roinnt foras contrártha, ar an dara dul síos, mar is léir ó mhíreanna 67 go 75 thuas, go ndearna an Bord Achomhairc roinnt earráidí measúnaithe agus dlí maidir leis an scrúdú ar an bhfianaise a bhaineann le méid úsáide an mhairc atá faoi chonspóid agus, ar an tríú dul síos, gur fhorchuir sé ceanglas maidir le cáilíocht na fianaise iomarcach ar an iarratasóir agus, dá bhrí sin, dualgas cruthúnais míréasúnta, de shárú ar Airteagal 18(1) agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001, agus mar thoradh air sin nach mór seasamh le saincheist dlí aonair an iarratasóra agus an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

Costais

83 Faoi Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

84 A mhéid a gcuirtear an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní, ní mór a ordú do EUIPO a chostais féin chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc, de réir an ordaithe atá á lorg ag an iarratasóir.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. **Cuirtear an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 22 Lúnasa 2024 (Cás R 214/2024-4) ar neamhní.**

2. **Ordaítear do EUIPO a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Gürok Turizm ve Madencilik AŞ, a íoc**

Škvařilová-Pelzl Nõmm Kukovec

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an 19 Samhain 2025.

Sínithe